C/2024/6857

12.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11778 – VREP / SÜDBG / DEKOM / DEKOM UNITED)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6857)

1. An 5 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— VR Equitypartner GmbH ('VREP', an Ghearmáin), faoi rialú DZ Bank AG Deutsche Zentral-Genossenschaftsbank ('DZ Bank', an Ghearmáin),

— Süd Beteiligungen GmbH ('SüdBG', an Ghearmáin), faoi rialú Landesbank Baden-Württemberg ('LBBW', an Ghearmáin),

— DEKOM AG agus DEKOM United GmbH ('DEKOM' agus 'DEKOM United' faoi seach, an Ghearmáin), atá faoi rialú Venture Security Holding GmbH (an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh VREP agus SüdBG rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DEKOM agus DEKOM United ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta é VREP a thairgeann réitigh chothromais agus maoiniú cosúil le cothromas do ghnólachtaí meánmhéide agus is fochuideachta 100 % de chuid DZ Bank é. Is banc marsantach agus infheistíochta é DZ Bank agus gníomhaíonn sé mar an institiúid lárnach do thart ar 800 comharbhanc.

— Is cuideachta infheistíochta é SüdBG a thairgeann réitigh chothromais agus maoiniú cosúil le cothromas do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide sa limistéar ina labhraítear an Ghearmáinis agus is fochuideachta 100 % de chuid LBBW é. Is banc meánmhéide uilíoch agus tráchtála é LBBW a bhfuil gníomhaíochtaí aige sna réimsí seo a leanas: gnólachtaí a bhfuil custaiméirí corparáideacha meánmhéide acu, custaiméirí príobháideacha, bainc taisce, maoiniú réadmhaoine agus táirgí margaidh caipitil le haghaidh custaiméirí institiúideacha.

— Tairgeann DEKOM agus DEKOM United réitigh físchomhdhála agus cumarsáide closamhairc agus is é atá i gceist leis sin comhairle agus seirbhísí a chur ar fáil i ndáil le seomraí físchomhdhála na gcustaiméirí. Tá siad gníomhach ar fud an domhain agus béim ar an Eoraip acu.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11778 – VREP / SÜDBG / DEKOM / DEKOM UNITED

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË